



Cairde na scoile

Nuachtlitir

07-05-2015

A thuismitheoirí, a chairde,

Míle buíochas do gach éinne a thacaigh le Oíche Cheoil na nOchtóidí in Óstán an Charnegie Court ar an Aoine, an 24ú Aibreán. Bhí oíche den scoth ag gach éinne. Go raibh míle maith ag gach éinne a thug urraíocht nó a chur duaiseanna ar fáil. Ár mbuíochas le foireann an Óstáin agus le Derek Jordan agus a bhanna iontach agus lenár DJ, Brian Monaghan. D'éirigh linn €5132.58 a bhailiú don scoil. Go raibh míle maith agaibh go léir.

Céad Chomaoineach

Beidh an Chéad chomaoineach do pháistí rang 2 ag dul ar aghaidh ar an Satharn, an 9ú Bealtaine ag 10.00r.n. Lá speisialta é seo agus tugtar cuireadh do gach clann sa seipéal teacht ar ais chun na scoile do chupán tae i ndiaidh an aifrinn. Táimid ag lorg neart cabhrach chun an halla a ullmhú an oíche roimh ré agus ar maidin leis. Beidh an halla ar fáil óna 8.i.n an oíche roimh ré agus beidh an halla oscailte ó 9.00rn ar an Satharn. Ná déanaigí dearmad na foirmeacha a líonadh agus a sheoladh isteach le bhur dtoil.

Lá na nGeansaithe

Beidh Lá na nGeansaithe ar siúl ag Banc na hÉireann, Sord, ar son GSBB ar an Aoine, an 29-05-15 ag tacú leis an gceann a bheidh againne ar scoil an lá sin. Is féidir le páistí an geansaí peile nó t-léine is fearr leo a chaitheamh ar an lá agus €2 a thabhairt isteach. Beidh siad sa chrannchur ansin do gheansaí Bhaile Átha Cliath sínithe ag na himreoraí!

Rith do GSBB

Tá an traenáil don 'RITH' bhliantúil ag dul ar aghaidh gach Céadaoin ag 8i.n. ó charrchlós na scoile. Tá Stuart i mbun traenála arís i mbliana ionas go mbeimid réidh don rás mór ar an Satharn, an 30-05-15, i Mullach Íde. Fáilte roimh gach éinne más ag siúl, ag sodar nó ag rith atá tú ar son na scoile. Beidh na cártaí urraíochta ar fáil ón oifig nó ag an traenáil.

Siúlóid Bhliantúil

Beidh an tSiúlóid bhliantúil ag dul ar aghaidh ar an Domhnach, an 7ú Meitheamh ar pháirceanna Bhaile Anraí. An téama i mbliana ná 'Caractéir ó Scannáin & Cartúin'.

Bailiúchán Éadaí

Beidh an chéad bhailiúchán eile ar siúl idir an 8ú – 12ú Meitheamh. D'éirigh linn €1000 do scoil a bhailiú go dáta. Seo an bailiúchán deireannach i mbliana agus beidh málaí ar fáil ón oifig. Is féidir málaí móra plaisteacha eile a úsáid chomh maith.

Go Raibh Míle Maith Agaibh.
Cairde na Scoile